Coimisiún na Meán

# Bainisteoir Rialachais, Conradh Sainchuspóra

## Grád Ardoifigigh Feidhmiúcháin
## Seirbhísí Corparáideacha

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra




Feabhra 2026

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Bhainisteora Rialachais, Conradh Sainchuspóra.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 sa chéad trí bhliain. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú don Bhainisteoir Rialachais, Conradh Sainchuspóra. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuirfidh sé lenár sprioc[anna] a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean


Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.

Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár Luachanna



# Eolas Faoin Ról Seo

## Cuspóir an Róil

Mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin laistigh den Fhoireann Rialachais agus Rúnaíochta, cuirfidh tú le tírdhreach rathúil, éagsúil agus sábháilte ar líne agus leis na meáin trí fheidhmiú éifeachtach na bpróiseas rialachais, riosca agus comhlíonta (GRC) a éascú agus trí rannchuidiú le dea-chleachtas ar fud na heagraíochta.

Feidhmeoidh an tArdoifigeach Feidhmiúcháin mar cheann de na príomhphointí teagmhála do chúrsaí eagraíochtúla ar fud an GRC. Comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'fhoirne eile chun cuidiú leis an gcaighdeán is airde cleachtas agus tuairiscithe a fhorbairt agus a chotinneáil ar fud Comisiún na Meán.

Ag tuairisciú don Stiúrthóir Cúnta, Rialachas agus Riosca, beidh an t-iarrthóir rathúil mar chuid d'fhoireann dhinimiciúil a bhfuil cuspóir léi, a mbeidh deiseanna fáis phearsanta aici.

Is deis spreagúil í seo do dhuine spreagtha cur le forbairt na gcleachtas caighdeánach rialachais is fearr do chomhlacht poiblí nua

## Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Tá an Fhoireann Rialachais agus Rúnaíochta ar cheann de chúig fhoireann atá i Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Coimisiún na Meán. Is iad na Foirne eile ná Daoine & Forbairt Eagrúcháin, Airgeadas & Soláthar, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Athrú & Feabhsú Gnó. Faoi cheannaireacht an Phríomhoifigigh Oibriúcháin agus an Stiúrthóra Rialachais & Rúnaíochta, beidh beirt Stiúrthóirí Cúnta, beirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus beirt Oifigeach Feidhmiúcháin ar an bhfoireann.



Coimisiún
na Meán

# Príomhfhreagrachtaí

***Rialachas***

- Tacú le creat Rialachais agus straitéis do Choimisiún na Meán a chur i bhfeidhm.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta agus córas a bhainistiú lena chinntiú go gcomhlíonann an Coimisiún a oibleagáidí rialachais reachtúla uile lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairisciú reachtúil.
- Oibriú go trasfheidhmeach chun tacú le dearadh agus bainistíocht leanúnach phróisis Rialachais An Choimisiúin.

***Riosca agus Iniúchadh Inmheánach***

- Bainistiú agus tuairisciú ar rioscaí rialachais agus ar ghníomhaíocht mhaolaithe ghaolmhar.
- Tacú le feidhmiú céimneach agus feidhmiú chreat bainistíochta riosca Coimísiúún na Meán, lena n-áirítear comhordú leanúnach na gclár riosca eagraíochtúil agus rannáin agus feidhmiú céimneach na hoiliúna bainistíochta riosca agus an iarratais nua TF bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta.
- Comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú céimneach agus maoirseacht leanúnach phlean oibre an Iniúchta Inmheánaigh

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC)***

- Tacú le Rúnaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) chun feidhmiú éifeachtach an Choiste a áirithiú, lena n-áirítear ábhar cruinnithe a ullmhú agus a scaipeadh go tráthúil.
- Comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh gníomhaíochtaí a eascraíonn as obair an ARC.

***IHREC, SF, Nochtadh Cosanta, Inbhuanaitheacht***

- Obriú go trasfheidhmeach de réir mar is gá ar fud na foirne Rialachais chun bainistiú nó tacú le forbairt beartas, nósanna imeachta, oiliúint, agus doiciméadú teimpléid i réimsí mar IHREC, Saoráil Faisnéise, Nochtadh Cosanta, Inbhuanaitheacht.
- Gníomhú mar Chinnteoir Saorála Faisnéise

# Príomhfhreagrachtaí

***Bainistíocht Daoine***

- Baill foirne tacaíochta a bhainistiú a oibríonn leis an bhfoireann Rialachais agus na scileanna agus na riachtanais oiliúna a aithint a theastaíonn chun a chinntiú gur féidir leis an eagraíocht Rialachas ardchaighdeáin agus freagrúil a sholáthar i ngach réimse oibríochta.

- Eiseamláir de fhorbairt Bainistíochta Feidhmíochta do bhaill foirne atá ag forbairt riachtanais scileanna na foirne agus meantóireachta agus cóitseála chun a n-acmhainneacht a fhorbairt.

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann Daoine agus Forbairt Eagrúcháin chun a chinntiú go gcuirtear nuashonruithe agus oiliúint chuí Rialachais ar fáil don fhoireann ar fad.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

# Eolas Fút

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

**Critéir Riachtanacha**

- Taithí ag obair i ról Rialachais ábhartha.
- Cuntas teiste cruthaithe maidir le tacú le beartais traseagraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Modhanna oibre láidre, éifeachtacha agus modhúla a bhfuil an cumas tascanna iolracha a láimhseáil i dtimpeallacht atá ar luas tapa.
- Líofa i bpacáistí Microsoft, bunachair shonraí agus SharePoint.
- Scileanna cumarsáide den scoth, idir bhriathartha agus scríofa ach béim ar leith ar chumarsáid scríofa.
- Taithí roimhe seo ar thacú le forbairt agus le feidhmiú céimneach córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca.
- Tuiscint ar eolas ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ar chiorcláin agus treoirlínte ábhartha rialtais.

**Critéir Inmhianaithe**

- A shealbhú nó a bheith ag obair i dtreo deimhniúcháin i Rialachas nó i ngnéithe ábhartha de rialachas na hearnála poiblí.
- Taithí a bheith ag obair i ról Rialachais laistigh den earnáil phoiblí.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal i Rialachas nó i réimse gaolmhar.
- Líofacht sa Ghaeilge (scríofa agus ó bhéal).
- Taithí roimhe seo ar an bpróiseas iarratais Saorála Faisnéise i ról Cinnteora.

# Príomhfhaisnéis

## Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn sainchuspóra de thart ar 7-12 mí le clúdach neamhláithreacht fostaí buan ar shaoire mháithreachais. Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin anseo le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ar scála an Ardoifigigh Feidhmiúcháin..
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

## Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (1 leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí** **ANSEO**
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Féach ar ár Ráiteas Príobháideachas Ráiteas Príobháideachas - Coimisiún na Meán roimh an iarratas a dhéanamh

# Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo: Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár gceisteanna coitianta..

- Ceannaireacht Foirne
- Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

# Próiséas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

# Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

**Dáta Deiridh: 3in, 01/04/2026**

Proud to be inclusive
MEMBER
Open Doors
Creating Work Opportunities For All

Investors in Diversity
SILVER




External Restricted